SAN AONAD SEO

Foghlaimeoidh tú conas:

- Cur síos a dhéanamh ar phost;
- Frásaí a bhaineann le cúrsaí fostaíochta a úsáid;
- Gairm ré a scríobh i nGaeilge le haghaidh LinkedIn;
- Comparáid a dhéanamh idir fógraí post;
- Do chuid tuairimí a chur in iúl maidir leis na coinníollacha oibre is tábhachtaí.

Díreofar ar an mír seo gramadaí:

- An éifeacht a bhíonn ag inscne an ainmfhocail ar an aidiacht.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

A: SÚIL SIAR

- **Céard iad na rudaí is mó is cuimhin leat ón aonad deireanach? Scríobh síos gach a ritheann leat, gan féachaint siar ar na nótaí.**
- **Nuair a bheidh an méid sin déanta agat, déan plé ar na príomhghnéithe sin a gcuimhníonn tú orthu, in éineacht leis an duine atá in aice leat, agus breac síos aon rud a ndearna tú dearmad air.**

Eochairfhocail ó Aonad 4:
Am Saor

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

B: FOCLÓIR

1. Saibhreas foclóra

Aistrigh na habairtí seo a leanas go Gaeilge, in éineacht leis an duine atá in aice leat.

a) I am currently a student in Maynooth University but will be graduating soon and would love to work for your company.
b) Can I pick your brains about something?
c) I'm up to my eyes at the moment!
d) I am sorry that we got off on the wrong foot.
e) I would like to welcome our new colleague Aoife to the office.
f) Let's meet again next week at the same time.
g) Please see the attached file.
h) Are there any guidelines I can refer to?
i) It looks like we are all completely on the same page.
j) That's not going to fly with me.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Meaitseáil na focail Bhéarla leis na haistriúcháin chearta thíos:

Béarla		Gaeilge	
1.	Staff	a.	Fostóir(í)
2.	Union	b.	Sonrasc
3.	Employee(s)	c.	Ragobair
4.	To resign	d.	Obair ón mbaile
5.	Wage(s)	e.	Íosphá
6.	To lay off	f.	Ardú céime
7.	Employer(s)	g.	Éirigh as
8.	Unemployment	h.	Solamar poist
9.	Working from home	i.	Bata agus bóthar a thabhairt do dhuine
10.	Redundancy	j.	Foireann
11.	On the dole	k.	Féinfhostaithe
12.	Unfair dismissal	l.	Bainistíocht
13.	To fire someone	m.	Fostaí(aithe)
14.	Management	n.	Scaoil le
15.	Self-employed	o.	Dífhostú éagórach
16.	Overtime	p.	Dífhostaíocht
17.	Minimum wage	q.	Ceardchumann
18.	Promotion	r.	Ar an dól
19.	Job perks	s.	Iomarcaíocht
20.	Invoice	t.	Turasta(i)l

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

C: CLUASTUISCINT

Cloisfidh sibh mír nuachta anois. Líon na bearnaí atá sa script agus sibh ag éisteacht leis an mír nuachta.

Eimear Ní Chonaola
Caillfidh suas le céad go leith duine a bpoist sa _____ *Element Six* sa tSionainn i gContae an Chláir, agus tá an comhlacht _____ FBD le trí cinn déag dá n-oifigí a dhúnadh ar fud na tíre. Céad go leith post ar fad a imeoidh ansin. Tá tuairisc ag Tomás Ó Mainnín.

Tomás Ó Mainnín
_____ ón gcomhlacht *Element Six Ltd* ag fágáil tar éis a *shift* oibre tráthnóna. Roimh lón inniu glaodh ar an _____ chun cruinniú a bheith acu leis an mbainistíocht, cruinniú ina ndúradh leo go mbeidís ag _____ le céad caoga oibrí roimh dheireadh na bliana.

Tomás: *How many years have you been here?*

Oibrí: *24ish/25ish, so it is, it is one of the main employers here in Shannon, but there's nothing for sure anymore, is there?*

Tomás Ó Mainnín
Tá an comhlacht _____ sa tSionainn le daichead a cúig bliain agus iad i mbun diamaint tionsclaíochta agus crua-earraí eile a tháirgeadh do thionscal na tógála agus na ngluaisteán ach deir go bhfuil _____ tagtha ar an éileamh. D'fhógair an comhlacht anuraidh áfach, go rabhadar ag déanamh athbhreithniú ar an ngnó anseo.

An comhairleoir Madeleine Taylor-Quinn – Méara Chontae an Chláir
Bliain ó shin bhí tuairiscí mórthimpeall go raibh an áit seo i _____ agus is mór an trua nach ndearna an *Department of Enterprise* agus *Employment* agus na h*agencies* eile aon rud chun é a _____. Agus, is, tá sé an-tábhachtach anois go ngníomhóidh siad ionas nach dtarlódh a leithéid anseo nó in aon áit eile arís.

Tomás Ó Mainnín
Gan ach trí _____ le dul go dtí aimsir na Nollag, dúirt urlabhraí ón gcomhlacht anseo tráthnóna go bhfuil siad ag súil go dtógfaidh an suas le _____oibrí anseo iomarcaíocht dheonach idir seo agus aimsir na Nollag ach mura ndéanann, go gcaithfidh an comhlacht _____ éigeantach a chur i bhfeidhm ansin tar éis na Nollag. Inniu chomh maith, d'fhógair an comhlacht árachais FBD go mbeidís ag laghdú a líon oifigí ar fud na tíre. D'fhéadfadh go gcaillfí suas le céad caoga post dá bharr.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

D: FEASACHT TEANGA

Inscne an ainmfhocail + an aidiacht

Sa tuiseal ainmneach, cuirtear séimhiú ar aidiachtaí (dar tús consan) a leanann ainmfhocal baininscneach, agus ní athraítear aidiachtaí a leanann ainmfhocal firinscneach.

- Sampla baininscneach → obair + crua = obair c**h**rua.
- Sampla firinscneach → bainisteoir + dian = bainisteoir dian.

Cuir na hathruithe cuí i bhfeidhm ar na haidiachtaí thíos, más ann dóibh:

	Ainmfhocal + aidiacht	Freagra
1.	Seachtain + fada	
2.	Íocaíocht + maith	
3.	Dochtúir + cineálta	
4.	Monarcha + mór	
5.	Teicneolaíocht + éifeachtach	
6.	Iriseoir + fiosrach	
7.	Rúnaí + gnóthach	
8.	Lá + iontach	

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Tasc breise: Aibhsigh gach briathar atá san **Aimsir Fháistineach** i bhFógra 1 thíos.

E: LÉAMHTHUISCINT

1. Léitheoireacht

Léigh an dá fhógra poist thíos os ard in éineacht leis an duine atá in aice leat. Beidh oraibh comparáid a dhéanamh idir an dá phost ar ball beag!

Fógra 1 ón suíomh www.TG4.ie



Láithreoirí Aimsire á lorg ag TG4:

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarrthóirí ar suim leo obair shealadach a dhéanamh ar phainéal láithreoirí TG4. Tá fáilte roimh iarrthóirí a bhfuil Gaeilge chruinn, líofa agus teacht i láthair taitneamhach acu. Cuirfear traenáil ar fáil agus, mar sin, ní gá taithí láithreoireachta a bheith agat.

Chun iarratas a dhéanamh, seol mír físe nóiméad amháin – ag déanamh cur síos ort féin, mar aon le CV chuig: cv@tg4.ie – roimh an spriocdháta. Déanfar gearrliosta de na hiarratais agus tabharfar cuireadh do dhaoine ar an ngearrliosta freastal ar lá trialacha scáileáin in TG4, Baile na hAbhann, i gCo. na Gaillimhe.

Beidh na láithreoirí sealadacha a roghnófar i mbun oibre i gCeannáras TG4, i gConamara ó am go chéile. I measc na ndualgas, beidh míreanna láithreachais agus aimsire laethúla le hullmhú agus le cur i láthair; scripteanna le dréachtú agus guth le cur leo do bhlaisíní TG4 agus cúram a dhéanamh d'ardáin shóisialta TG4. Chomh maith leis seo d'fheadfá a bheith ag déanamh ionadaíochta ó am go chéile thar ceann TG4 ag ócáidí poiblí.

Is Comhordaitheoir Láithreachais le TG4 í **Caitlín Nic Aoidh** agus seo mar a labhair sí faoi na deiseanna seo*:* "Tá muid ríméadach go bhfuil painéal nua á earcú ag TG4. Is deis iontach é do dhuine ar bith atá ag iarraidh coiscéim a ghlacadh ar dhréimire na hoibre in earnáil na meán. Is iomaí láithreoir aitheanta a thosaigh amach ar phainéal láithreoirí leanúnachais TG4."

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Fógra 2 ón suíomh www.Peig.ie

Comhordaitheoir Tionscadail le Conradh na Gaeilge do Sheachtain na Gaeilge

Na dualgais oibre:

- Comhordú agus riarachán a dhéanamh ar thionscadail éagsúla;
- Riarachán a dhéanamh sa réimse acmhainní daonna;
- Taighde a dhéanamh ar bheartais acmhainní daonna don eagraíocht agus cuidiú le polasaithe a chur i bhfeidhm;
- Tabhairt faoi thionscadail sainspéise;
- Dualgais eile ó am go ham.

Cur síos ar an té a cheapfar:

- Cainteoir líofa Gaeilge atá tiomanta do bhunchuspóir na heagraíochta;
- Céim ábhartha nó a chomhionann de thaithí;
- Éirithe go maith leis/léi go dtí seo i réimsí cosúil le hardú feasachta agus féilte;
- Ardscileanna cumarsáide, idir scríofa agus labhartha, i nGaeilge agus i mBéarla;
- Ar a c(h)umas oibriú go héifeachtach le baill eile foirne agus le hoibrithe deonacha.

Eolas breise:

- Bíonn Conradh na Gaeilge ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda & bíonn cúraimí uile-oileánda ar gach fostaí dá réir sin.
- Beidh na hagallaimh don phost seo ar siúl Dé hAoine, an 4 Lúnasa, ar Zoom.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh cianobair i gceist leis an bpost seo.
- Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Ceisteanna Léamhthuisceana

1. Céard iad na difríochtaí is mó atá idir an dá phost atá sna fógraí thuas, dar leat?

2. Céard iad na cosúlachtaí is mó idir an dá phost atá sna fógraí thuas, dar leat?

3. Cé acu post ab fhearr leatsa a bheith agat? Cén fáth?

4. Céard iad na scileanna is mó a bheadh ag teastáil don phost a roghnaigh tú, dar leat?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

5. Déan dréacht Gaeilge de do ghairmré thíos, ionas go mbeidh tú in ann é a chur ar LinkedIn:

Gearrbheathaisnéis
Taithí Oibre
Teideal an phoist: _____ Áit: _____ Tréimhse: _____ - - - Teideal an phoist: _____ Áit: _____ Tréimhse: _____ - - - Teideal an phoist: _____ Áit: _____ Tréimhse: _____ - - -
Oiliúint
Céim: Ollscoil / Institiúid: Tréimhse:

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Scileanna agus Éachtaí
Réimsí Spéise
Teangacha

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

F: CUMARSÁID

1. Caint agus comhrá:
Cuir na pointí thíos – a bhaineann le coinníollacha oibre — in ord tábhachta (is ionann uimhir 1 agus an rud is tábhachtaí). Pléigh do chuid tuairimí leis an duine atá in aice leat agus déanaigí iarracht teacht ar chomhréiteach maidir leis na trí phointe is tábhachtaí.

		D'ord féin:
a)	Oifig phríobháideach, atá eagraithe go maith agus néata.	
b)	Gan an iomarca taistil a bheith le déanamh chun na hoibre.	
c)	Uaireanta oibre rialta óna naoi go dtí a cúig.	
d)	Réiteach go maith le do chomhghleacaithe.	
e)	Pinsean maith.	
f)	Laethanta saoire fada.	
g)	Gan an iomarca struis a bheith mar chuid de do chuid oibre.	
h)	Tuarastal ard.	
i)	Seachtain oibre 4 lá.	
j)	Rogha a bheith agat oibriú ón mbaile nuair is mian leat.	

2. Déan cur síos don duine atá in aice leat ar an méid a dhéanann tú ó lá go lá i do chuid oibre féin. Mura bhfuil tú ag obair faoi láthair, déan cur síos ar an bpost is fearr a bhí agat go dtí seo.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

G: MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				

Ceist(eanna) atá agam go fóill:

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Líon isteach roinnt de na heochairfhocail nua/úsáideacha a d'fhoghlaim tú san aonad seo:

	Gaeilge	Béarla		Gaeilge	Béarla
1.			16.		
2.			17.		
3.			18.		
4.			19.		
5.			20.		
6.			21.		
7.			22.		
8.			23.		
9.			24.		
10.			25.		
11.			26.		
12.			27.		
13.			28.		
14.			29.		
15.			30.		

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

AN SCRIPT

Mír nuachta faoi chailliúint post i gcomhlacht sa tSionainn.

Eimear Ní Chonaola
Caillfidh suas le céad go leith duine a bpoist (*a bpostannaí* a deirtear) sa **gcomhlacht** *Element Six* sa tSionainn i gContae an Chláir, agus tá an comhlacht **árachais** FBD le trí cinn déag dá n-oifigí a dhúnadh ar fud na tíre. Céad go leith post ar fad a imeoidh ansin. Tá tuairisc ag Tomás Ó Mainnín.

Tomás Ó Mainnín
Oibrithe ón gcomhlacht *Element Six Ltd* ag fágáil tar éis a *shift* oibre tráthnóna. Roimh (roimis a deirtear) lón inniu glaodh ar an **bhfoireann** chun cruinniú a bheith acu leis an mbainistíocht, cruinniú ina ndúradh leo go mbeidís ag **scaoileadh** le céad caoga oibrí roimh dheireadh na bliana.

Tomás: *How many years have you been here?*
Oibrí: *24ish/25ish, so it is, it is one of the main employers here in Shannon, but there's nothing for sure anymore, is there?*

Tomás Ó Mainnín
Tá an comhlacht **lonnaithe** sa tSionainn le daichead a cúig bliain agus iad i mbun diamaint tionsclaíochta agus crua-earraí eile a tháirgeadh do thionscal na tógála agus na ngluaisteán ach deir go bhfuil **titim** tagtha ar an éileamh. D'fhógair an comhlacht **anuraidh** áfach, go rabhadar ag déanamh athbhreithniú ar an ngnó anseo.

An comhairleoir Madeleine Taylor-Quinn – Méara Chontae an Chláir
Bliain ó shin bhí tuairiscí mórthimpeall go raibh an áit seo i **dtrioblóid** agus is mór an trua nach ndearna (*rinne* a deirtear) an *Department of Enterprise* agus *Employment* agus na h*agencies* eile aon rud chun é a **stopadh**. Agus, is, tá sé ana-thábhachtach anois go ngníomhóidh siad ionas nach dtarlódh a leithéid anseo nó in aon áit eile arís.

Tomás Ó Mainnín
Gan ach trí **seachtaine** le dul go dtí aimsir na Nollag, dúirt urlabhraí ón gcomhlacht anseo tráthnóna go bhfuil siad ag súil go dtógfaidh an suas le **céad caoga** oibrí anseo iomarcaíocht dheonach idir seo agus aimsir na Nollag ach mura ndéanann, go gcaithfidh an comhlacht **iomarcaíocht** éigeantach a chur i bhfeidhm ansin tar éis na Nollag. Inniu chomh maith, d'fhógair an comhlacht árachais FBD go mbeidís ag laghdú a líon oifigí ar fud na tíre. D'fhéadfadh go gcaillfí suas le céad caoga post dá bharr.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

FREAGRAÍ

B: FOCLÓIR

1.

a) Is mac léinn mé faoi láthair in Ollscoil Mhá Nuad ach is gearr go mbronnfar an chéim orm agus b'aoibhinn liom oibriú do do chomhlacht.

b) An féidir liom do chomhairle a lorg faoi rud éigin?

c) Tá mo sheacht sáith le déanamh agam faoi láthair.

d) Tá brón orm go raibh drochthosach againn.

e) Ba mhaith liom fáilte (is fiche / Uí Cheallaigh) a chur roimh ár gcomhghleacaí nua san oifig – Aoife.

f) Ba cheart dúinn bualadh le chéile arís ag an am céanna an tseachtain seo chugainn.

g) Féach ar an gcomhad iniata / atá ceangailte leis seo.

h) An bhfuil aon treoirlínte ar féidir liom breathnú orthu?

i) Tá an chuma ar an scéal go bhfuil muid go léir ar comhthuiscint / ag tarraingt le chéile.

j) Ní bheidh mé in ann é sin a sheasamh / ní bheidh mé in ann cur suas leis sin.

2.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20
j	q	m	g	t	n	a	p	d	s	r	o	i	l	k	c	e	f	h	b

C: CLUASTUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

Cuir na hathruithe cuí i bhfeidhm ar na haidiachtaí thíos, más ann dóibh:

	Ainmfhocal + aidiacht	Freagra
1.	Seachtain + fada	Seachtain fhada
2.	Íocaíocht + maith	Íocaíocht mhaith
3.	Dochtúir + cineálta	Dochtúir cineálta
4.	Monarcha + mór	Monarcha mhór
5.	Teicneolaíocht + éifeachtach	Teicneolaíocht éifeachtach
6.	Iriseoir + fiosrach	Iriseoir fiosrach
7.	Rúnaí + gnóthach	Rúnaí gnóthach
8.	Lá + iontach	Lá iontach

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

E: LÉAMHTHUISCINT

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarrthóirí ar suim leo obair shealadach a dhéanamh ar phainéal láithreoirí TG4. Tá fáilte roimh iarrthóirí a bhfuil Gaeilge chruinn, líofa agus teacht i láthair taitneamhach acu. **Cuirfear** traenáil ar fáil agus mar sin ní gá taithí láithreoireachta a bheith agat.

Is iontach an deis é seo d'éinne a bhfuil suim acu i réimse na láithreoireachta. Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth, cumas láithreoireachta, teacht i láthair taitneamhach, urlabhra shoiléir agus ardchumas scríofa agus cumarsáide acu atá ag teastáil.

Chun iarratas a dhéanamh, seol mír físe nóiméad amháin – ag déanamh cur síos ort féin, mar aon le CV chuig: cv@tg4.ie – roimh an spriocdháta. **Déanfar** gearrliosta de na hiarratais agus **tabharfar** cuireadh do dhaoine ar an ngearrliosta freastal ar lá trialacha scáileáin in TG4, Baile na hAbhann, i gCo. na Gaillimhe.

Beidh na láithreoirí sealadacha a roghnaítear i mbun oibre i gCeannáras TG4 i gConamara ó am go chéile. I measc na ndualgas **beidh** míreanna láithreachais agus aimsire laethúla le hullmhú agus le cur i láthair; scripteanna le dréachtú agus guth le cur leo do bhlaisíní TG4 agus cúram a dhéanamh d'ardáin shóisialta TG4. Chomh maith leis seo d'fheadfá a bheith ag déanamh ionadaíochta ó am go chéile thar ceann TG4 ag ócáidí poiblí.

Is Comhordaitheoir Láithreachais le TG4 í **Caitlín Nic Aoidh** agus deir sí, "Tá muid ríméadach go bhfuil painéal nua á earcú ag TG4. Is deis iontach é do dhuine ar bith atá ag iarraidh coiscéim a ghlacadh ar dhréimire na hoibre in earnáil na meán. Is iomaí láithreoir aitheanta a thosaigh amach ar phainéal láithreoirí leanúnachais TG4."

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad